Coimisiún na Meán

# Nóta eolais maidir leis an gcinneadh Ionad Achomhairc na hEorpa a dheimhniú mar Chomhlacht Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt de bhun Airteagal 21 den Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Dáta foilsithe:
Bealtaine 2025

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Eolas faoi Ionad Achomhairc na hEorpa | 3 |
| Measúnú ar an iarratas | 4 |
| Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas | 5 |
| Saineolas | 6 |
| Luach Saothair | 6 |
| Inrochtaineacht an phróisis ODS | 6 |
| Próiseas ODS atá tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach | 7 |
| Rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire | 8 |

## Réamhrá

Ar an 26 Meán Fómhair 2024, dheimhnigh Coimisiún na Meán ('An Coimisiún') Ionad Achomhairc na hEorpa ('ACE' 'Ionad Achomhairc' nó 'an tIarratasóir') mar chomhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt ('ODS') de bhun Airteagal 21 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha ('GSD'). Soláthraíonn an nóta seo eolas ardleibhéil faoi phríomhghnéithe an iarratais agus an t-eolas ar dhírigh an Coimisiún air le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh.

Le hAirteagal 21 de GSD tugtar teidlíocht d'fhaighteoirí seirbhíse chun comhlacht deimhnithe ODS a roghnú chun díospóidí a bhaineann le cinntí na n-ardán ar líne a réiteach. Áirítear leis sin cinntí a bhaineann le gearáin nár réitíodh trí chóras inmheánach láimhseála gearán ardáin ar líne:

a. cinntí maidir le rochtain ar an eolas a bhaint anuas nó a dhíchumasú nó srian a chur le hinfheictheacht an eolais;
b. cinntí maidir le soláthar na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go hiomlán nó i bpáirt, do na faighteoirí;
c. cinntí maidir le cuntas na bhfaighteoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;
d. cinntí maidir leis an gcumas luach airgid a chur ar eolas arna sholáthar ag na faighteoirí a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a shrianadh ar bhealach eile.

Níl cinntí na gcomhlachtaí ODS ceangailteach.

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún iarratasóir a dheimhniú mar chomhlacht ODS, i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha seo a leanas:

a. Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas, lena n-áirítear neamhspleáchas ar bhonn airgeadais de, maidir le soláthraithe ardán ar líne agus faighteoirí na seirbhíse.
b. Saineolas maidir le réimsí ábhair mhídhleathaigh, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha i leith ardáin ar líne.
c. Luach Saothair, lena gceanglaítear go dtugtar luach saothair do chomhaltaí an chomhlachta ODS ar bhealach nach bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta.
d. Inrochtaineacht, lena gceanglaítear go bhfuil rochtain éasca ar an díospóid ODS, trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí agus déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht réiteach díospóidí a thionscnamh agus doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne.
e. Réiteach tapa éifeachtúil agus costéifeachtach díospóide, lena gceanglaítear go bhfuil sé ar chumas an chomhlachta ODS díospóidí a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid institiúidí an Aontais.
f. Rialacha soiléire agus cothroma, lena gceanglaítear go réitítear an díospóid ODS i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma atá inrochtana go héasca agus go poiblí.

Tá tuilleadh eolais faoi oibleagáidí comhlachtaí ODS agus ardán ar líne a bhaineann leis an bpróiseas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt le fáil in Airteagal 21 de GSD agus sa Doiciméad Ceisteanna Coitianta arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

## Eolas faoi Ionad Achomhairc na hEorpa

Deimhníodh Ionad Achomhairc na hEorpa CLG ('ACE', 'Ionad Achomhairc' nó 'an tIarratasóir') mar chomhlacht ODS an 26 Meán Fómhair 2024, ar feadh tréimhse cúig bliana. Is ionann an réimse saineolais

faoinar bronnadh an deimhniúchán agus cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha i leith ardáin meán sóisialta ar líne.

Tá an tIonad Achomhairc deimhnithe chun díospóidí a réiteach i sé theanga oifigiúla de chuid an Aontais: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis agus Ollainnis. Tá treoir, foirmeacha agus cinntí ar fáil sna sé theanga sin, cé go bhféadfadh ábhar díospóide a bheith i dteangacha breise (féach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh liosta de Chomhlachtaí ODS chun tuilleadh eolais a fháil).

Is cuideachta Éireannach é an tIonad Achomhairc, atá faoi theorainn ráthaíochta agus nach bhfuil faoi úinéireacht aon eintitis chorparáidigh ná aon duine nádúrtha. Tá Ceanncheathrú ACE i mBaile Átha Cliath, agus déantar a chuid oibríochtaí ina oifigí i mBaile Átha Cliath. Is ó Iontaobhas an Bhoird Maoirseachta ('Iontaobhas OSB') a tháinig síolchistiú an Ionaid Achomhairc. Bhunaigh Meta Platforms Inc. ('Meta') Iontaobhas OSB, a scar le rialú na sócmhainní iontaobhais d'Iontaobhaithe OSB. Is eintiteas neamhspleách ar leithligh ón mBord Maoirseachta é an tIonad Achomhairc agus cuireadh an síolchistiú ar fáil mar dheontas neamh-inathnuaite, neamh-inchúlghairthe ó Iontaobhas OSB. Táthar ag súil go n-úsáidfear an síolchistiú seo go dtí go mbeidh an tIonad Achomhairc ag feidhmiú go hiomlán, agus ina dhiaidh sin maoineoidh an tIonad Achomhairc é féin trí tháillí a ghearrtar ar ardáin mar a fhoráiltear faoi GSD.

Is iad Cherine Chalaby, Catherine O'Regan agus Marie Wieck na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin bunaidh ar Bhord an Ionaid Achomhairc. Tráth an iarratais, bhí na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin seo ina nIontaobhaithe d'Iontaobhas OSB freisin. Go luath in 2025, d'éirigh Marie Wieck as a post mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar an Ionad Achomhairc, agus ceapadh triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin nua: Mary O'Brien, Göran Marby agus Miguel Maduro. Níl na Stiúrthóirí nua seo nasctha trí stiúrthóireacht, iontaobhaíocht, fostaíocht, comhairleacht ná rannpháirtíocht le haon ardán nó eintiteas meán sóisialta atá maoinithe ag ardáin meán sóisialta. Is é Thomas Hughes POF an Ionaid Achomhairc.

Chuir an tIonad Achomhairc tús lena chuid oibríochtaí i mí na Samhna 2024 trí ghlacadh le díospóidí i leith trí ardán meán sóisialta ar líne (Facebook, TikTok agus YouTube). Méadóidh an tIonad Achomhairc oibríochtaí chun glacadh le díospóidí ó Ardáin an-Mhór ar Líne eile, in am agus i dtráth.

## Measúnú ar an iarratas

Rinneadh measúnú ar an iarratas a chuir an tIonad Achomhairc isteach chun a chinneadh ar chomhlíon an tIarratasóir na coinníollacha deimhniúcháin. Rinneadh an measúnú de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach i dTreoirleabhar an Choimisiúin agus bhí creat láidir measúnaithe inmheánaigh a forbraíodh chun tacú leis an athbhreithniú ar iarratais mar bhonn taca leis. Is féidir teacht ar an Treoir anseo. Tá an Treoir bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhailiú sonraí agus ar thaighde neamhspleách. Cuireann an Treoir comhlachtaí leasmhara ar an eolas faoi phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta an Choimisiúin a dhéantar chun a chinneadh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha deimhniúcháin. Le chéile, tacaíonn an Treoir agus an creat measúnaithe le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla maidir le hAirteagal 21.

Leis na rannáin seo a leanas, tugtar breac-chuntas ardleibhéil ar phríomhghnéithe an iarratais agus ar an bhfianaise ar dhírigh an Coimisiún uirthi le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh an tIonad Achomhairc a dheimhniú mar Chomhlacht ODS.

## Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear ar iarratasóir a léiriú go bhfuil sé neamhchlaonta agus neamhspleách, lena n-áirítear neamhspleách ó thaobh airgeadais de, ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar úsáideoirí ar líne. Léirmhínítear an coinníoll seo sa Treoir trí thagairt do neamhspleáchas eagraíochtúil, neamhspleáchas airgeadais agus neamhspleáchas daoine aonair a bhfuil sé de chúram orthu díospóidí a réiteach.

Maidir le neamhspleáchas eagraíochtúil, díríodh sa mheasúnú ar úinéireacht cuideachtaí, ar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin an Ionaid Achomhairc, ar shíolchistiú agus ar bhainistíocht oibríochtúil. Leagtar amach thíos cuid de na príomhthosca a breithníodh:

- cibé acu an eintiteas neamhspleách nó cuid de struchtúr cuideachta níos mó (struchtúr úinéireachta) é an tIonad Achomhairc,
- an raibh stiúrthóireachtaí ag Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin bunaidh an Ionaid Achomhairc in ardáin nó eintitis eile ar líne atá nasctha le hardáin ar líne, nó an raibh aon naisc acu leo,
- na coinníollacha a bhaineann leis an gcistiú tosaigh (síolchistiú) a fuair an tIonad Achomhairc ó Iontaobhas OSB,
- an raibh baint ag aon tríú páirtithe, nó an bhféadfadh baint a bheith acu, le cinntí cáis nó le cinnteoireacht straitéiseach agus rialachas an Ionaid Achomhairc,
- an cur chuige maidir le comhroinnt sonraí idir an tIonad Achomhairc agus ardáin ar líne, agus
- beartais coinbhleachta leasa i bhfeidhm.

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta nach raibh an tIonad Achomhairc faoi úinéireacht aon eintitis eile agus nach raibh aon tionchar míchuí ó thríú páirtithe ar chinntí cáis, ar chinnteoireacht straitéiseach agus ar rialachas, go sonrach, bhí an Coimisiún sásta go raibh an tIonad Achomhairc neamhspleách ar Meta. Bhí Coimisiún sásta freisin, tar éis cheapadh na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin nua, go bhfeidhmíonn an tIonad Achomhairc go neamhspleách ar Iontaobhas OSB. Measadh gur maolaíodh go leordhóthanach aon tionchar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thríú páirtithe tríd an deighilt idir na heintitis, comhdhéanamh Bhord Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin an Ionaid Achomhairc, agus trí bheartas leordhóthanach Coinbhleachta Leasa a bheith ann.

Maidir le neamhspleáchas airgeadais, díríodh sa mheasúnú ar chostais bhunaithe mheasta, ar an tsamhail mhaoinithe (táillí) agus ar chumas an iarratasóra a bheith inmharthana ó thaobh airgeadais de agus féinchothabhálach. Dhealraigh sé go raibh an t-ioncam agus an caiteachas measta, agus na toimhdí atá mar bhonn taca leo, réasúnta agus bunaithe ar mhéadrachtaí iomchuí. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha atá mar bhonn taca leis an síolchistiú agus leis an gcaidreamh airgeadais idir an tIonad Achomhairc, Iontaobhas OSB agus Meta, chinn an Coimisiún go raibh deighilt ann idir na heintitis agus go raibh coimircí leordhóthanach chun neamhspleáchas airgeadais an Ionaid Achomhairc a chosaint agus úsáid á baint as an deontas a chuir Iontaobhas OSB ar fáil chun a chostais bhunaithe a mhaoiniú. Bunaithe ar an anailís a rinneadh maidir le hioncam agus caiteachas measta, bhí an Coimisiún sásta go n-éireodh an tIarratasóir neamhspleách ó thaobh airgeadais de sa tréimhse ama shonraithe agus nach mbeadh gá le tuilleadh maoinithe ó thríú páirtithe. Measadh na táillí atá beartaithe d'úsáideoirí ar líne a bheith de chineál ainmniúil. Míníodh na táillí atá beartaithe d'ardáin ar líne go maith agus soláthraíodh bonn cirt iomchuí chun a léiriú nár sháraigh na táillí sin na costais mheasta a thabhaigh an tIonad Achomhairc. Ceanglaítear ar an Ionad Achomhairc an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar tháillí. Déanann an Coimisiún faireachán ar tháillí an Ionaid Achomhairc ar bhonn rialta, lena chinntiú go mbíonn na táillí iomchuí i gcónaí agus go léiríonn siad na costais a thabhaítear chun an próiseas ODS a urscaoileadh.

Maidir le neamhspleáchas daoine aonair a bhfuil sé de chúram orthu díospóidí a réiteach (cás-chinnteoirí nó cás-láimhseálaithe), díríodh sa mheasúnú ar earcaíocht, ar fhorálacha sna conarthaí fostaíochta (e.g. luach saothair, foirceannadh conartha), ar an bpróiseas cinnteoireachta a leanann cás-láimhseálaithe, ar choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar línte tuairiscithe.

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil srianta agus ceartúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm i mbeartais agus nósanna imeachta earcaíochta agus i gconradh fostaíochta an Ionaid Achomhairc chun neamhspleáchas cás-chinnteoirí a chosaint. Ba chosúil go raibh an próiseas cinnteoireachta a lean cás-láimhseálaithe agus línte tuairiscithe, mar aon leis an mbeartas maidir le Coinbhleacht Leasa, iomchuí, agus srianta agus ceartúcháin i bhfeidhm chun a chinntiú nach bhfuil aon riosca ann go gcuirfí isteach ar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin an Ionaid Achomhairc ná ar ardáin ar líne.

## Saineolas

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go mbeidh an saineolas is gá ag an ODS i ndáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i réimse amháin ar leith nó níos mó d'ábhar mídhleathach, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha de chineál amháin ardán ar líne nó níos mó.

Chun a chinneadh ar chomhlíon an tIarratasóir ceanglais an choinníll seo, díríodh sa mheasúnú ar an taithí roimhe sin a bhí ag an Ionad Achomhairc ar sheirbhísí um réiteach díospóidí a sholáthar agus ar na ceanglais saineolais, cháilíochta nó deimhniúcháin a leagadh síos do bhainisteoirí sinsearacha agus do róil atá coibhéiseach le stiúrthóirí, ar mhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas ODS, agus ar shaineolas, cáilíochtaí, deimhnithe agus oiliúint na gcás-chinnteoirí a bhaineann leis na réimsí sonraithe saineolais.

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil, mheas an Coimisiún go raibh eolas agus saineolas bhainistíocht shinsearach an Ionaid Achomhairc maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus choinníollacha ardán meán sóisialta oiriúnach agus ábhartha. Measadh gurbh iomchuí a bhí na hionchais saineolais a socraíodh don ardbhainistíocht agus don mheánbhainistíocht, ag díriú ar eolas ar na meáin shóisialta, ar mhodhnú ábhair, ar bheartas, ar mhuinín agus ar shábháilteacht, agus ar rialacháin an Aontais. Ba chosúil gurbh iomchuí a bhí na ceanglais saineolais níos speisialaithe a leagadh síos do Speisialtóirí Margaidh agus Beartais, a sholáthraíonn an chéad leibhéal d'athbhreithniú géaraithe do na cásanna is casta.

## Luach Saothair

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go dtabharfar luach saothair do bhaill de chomhlacht ODS ar bhealach nach bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta.

Díríodh sa mheasúnú ar bheartas luacha saothair an Ionaid Achomhairc, ar chonradh fostaíochta agus ar choinníollacha luacha saothair, amhail tuarastal agus bónais.

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil, bhí an Coimisiún sásta nach bhfuil an luach saothair ag brath ar líon na ndíospóidí, ná ar thoradh na ndíospóidí. Ní raibh aon choinníollacha sa chonradh fostaíochta, nó ar shlí eile, a thabharfadh le fios go raibh líon na ndíospóidí a próiseáladh, nó toradh na ndíospóidí sin nasctha le dreasachtaí airgeadais nó pionós.

## Inrochtaineacht an phróisis ODS

Éilíonn an coinníoll seo ar chomhlacht ODS próiseas ODS a thairiscint atá inrochtana go héasca, trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí.

Díríodh sa mheasúnú ar an bpróiseas agus ar an bhfeidhmiúlacht chun a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar an nós imeachta um réiteach díospóidí agus go mbeidh sé trédhearcach, ar an teicneolaíocht cumarsáide

leictreonaí atá beartaithe a úsáidtear chun tús a chur le réiteach na díospóide agus ar an gcomhéadan ar líne le húsáideoir an phróisis ODS.

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a cuireadh isteach, mheas an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta agus réiteach teicniúil beartaithe an Ionaid Achomhairc inrochtana go héasca agus trédhearcach, rud a chuireann ar chumas fhaighteoir na seirbhíse an t-eolas ábhartha uile a chur isteach agus nuashonruithe a rianú suas go dtí cur i gcrích an cháis. Measadh go raibh an córas íocaíochta uathoibrithe iomchuí, lena gceadaítear táille ainmniúil úsáideoirí a choinneáil in eascró go dtí go gcinnfear an cás.

## Próiseas ODS atá tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go léireoidh Comhlacht ODS a chumas díospóidí a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

Díríodh sa mheasúnú maidir leis an gcoinníoll seo ar an méid seo a leanas:

- an nós imeachta um réiteach díospóidí,
- cur chuige maidir le cásanna a roghnú agus thriáiseáil,
- bainistiú cásanna agus géarú,
- réamh-mheastacháin maidir le méid na ndíospóidí agus aga slánúcháin na ndíospóidí,
- samhail táillí, agus
- an teanga inar féidir leis an Iarratasóir díospóidí a réiteach.

I ndáil le líon réamh-mheasta na ndíospóidí, measadh go raibh na méadrachtaí a úsáideadh chun meastachán a dhéanamh ar líon na ndíospóidí, amhail Tuarascálacha Trédhearcachta GSD agus rátaí achomhairc foilsithe, leordhóthanach agus iontaofa. Chuir an tIarratasóir fianaise leordhóthanach isteach chun a léiriú go bhfuil sé in ann an líon measta díospóidí a láimhseáil, lena n-áirítear líon soláthair foirne, nós imeachta mionsonraithe um réiteach díospóidí agus bearta oibríochtúla breise.

Maidir leis an nós imeachta um réiteach díospóidí, bhí an Coimisiún sásta gur leor struchtúr an nós imeachta um réiteach díospóidí, mar aon leis an réiteach teicneolaíoch atá le húsáid ag úsáideoirí ar líne, chun próiseas tapa éifeachtúil ODS a chinntiú. Ba chosúil go raibh an tuairisc a thug an tIarratasóir ar shreabhadh próisis an nós imeachta um réiteach díospóidí ón bpointe a cuireadh aighneacht isteach go dtí pointe eisiúna na gcinntí don dá pháirtí, lena n-áirítear géaruithe, cuíchóirithe agus soiléir go leor. Measadh gur réasúnta a bhí togra an Ionaid Achomhairc caidhpeáil shealadach méide a thabhairt isteach in imthosca ina sáraíonn a sheirbhísí go mór a chumas an méid díospóidí a fuarthas laistigh den tréimhse ama riachtanach a láimhseáil. Má chuirtear caidhpeáil méide ardáin i bhfeidhm, tabharfaidh an tIonad Achomhairc fógra leordhóthanach agus tráthúil d’úsáideoirí faoi aon chaidhpeáil méide shealadach. I gcásanna teoranta den sórt sin, beidh úsáideoirí in ann comhlachtaí ODS eile a roghnú chun a ndíospóidí a réiteach.

Maidir le costéifeachtúlacht na dtáillí a mhol an tIonad Achomhairc, mheas an Coimisiún go raibh samhail na dtáillí trédhearcach go leor agus mínithe go soiléir. Tugadh le fios san anailís chostéifeachtachta a rinneadh go raibh nasc soiléir idir na táillí a gearradh ar ardáin ar líne agus na costais a tabhaíodh chun díospóidí a phróiseáil agus nár mhó iad ná na costais sin. Bhí an Coimisiún sásta go gcuirfeadh an tIonad Achomhairc an trédhearcacht riachtanach ar fáil d’ardáin ar líne maidir leis na táillí a ghearrfaí. Measadh na táillí a gearradh ar úsáideoirí ar líne a bheith de chineál ainmniúil.

Maidir leis na teangacha, chuir an tIonad Achomhairc fianaise leordhóthanach ar fáil chun a léiriú gur féidir leis díospóidí a réiteach i sé theanga oifigiúla de chuid an Aontais ar a laghad agus go raibh cumas leordhóthanach aige athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar in aon teanga eile bunaithe ar thacaíocht uirlisí meaisínaistriúcháin, lena n-áirítear aistriúchán téacs, clos-aistriúchán agus aithint optúil carachtar. Bheifí ag súil go gcomhlíonfadh aon uirlis den sórt sin ceanglais slándála eolais an Ionaid Achomhairc agus cosaint sonraí, príobháideachas agus sláine úsáideoirí á gcur san áireamh. Táthar ag súil go ndéanfaidh an tIonad Achomhairc measúnú tréimhsiúil ar cháilíocht a uirlise aistriúcháin agus go soláthróidh sé seirbhísí aistriúcháin daonna i gcás nach gcomhlíonann an teicneolaíocht aistriúcháin na caighdeáin iomchuí.

## Rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear ar an Iarratasóir an próiseas ODS a chur i gcrích de réir rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma, agus go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar na rialacha sin, agus go mbeidh siad i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme. Is féidir teacht ar rialacha nós imeachta an Ionaid Achomhairc anseo.

Maidir leis na rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire, díríodh sa mheasúnú ar an méid seo a leanas:

- na gnéithe den nós imeachta a chumhdaítear sa doiciméad maidir leis na Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear na hoibleagáidí atá ar ardáin agus ar fhaighteoirí seirbhíse maidir le meon macánta agus an oibleagáid atá ar Chomhlacht ODS ráiteas ar chúiseanna a eisiúint
- an creat cinnteoireachta normatach (caighdeáin agus noirm lena rialaítear cinnteoireacht comhlachta ODS maidir le díospóidí), rud nach mór dó cloí le caighdeáin um chearta bunúsacha.

Fuarthas go raibh na Rialacha Nós Imeachta ag cloí go dlúth leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir don choinníoll seo, lena gcumhdaítear rialacha rannpháirtíochta, critéir incháilitheachta, próiseas díospóide, táillí úsáideora, saineolas an Ionaid Achomhairc, beartas maidir le mí-úsáid an chórais, torthaí féideartha díospóidí, meastacháin ama, roghnú athbhreithneoirí cásanna, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, agus cearta dlíthiúla an úsáideora. Luaigh an tIonad Achomhairc a dtiomantas na Rialacha Nós Imeachta a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin le haghaidh rochtain éasca d’fhaighteoirí seirbhíse agus d’ardáin.
Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil an creat normatach a úsáidfidh an tIonad Achomhairc deartha chun caighdeáin um chearta bunúsacha a chur san áireamh. Beidh an creat cinnteoireachta bunaithe ar bheartais ábhair agus luachanna, prionsabail agus eisceachtaí na n-ardán laistigh den raon feidhme.